Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 19

# Oifig an Ombudsman

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €891,917 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Malgamú le hOifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí**

Achtaíodh an tAcht Ombudsman (Leasú) 2012, a rinne foirmiúil an cónascadh idir Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman, ar 23 Deireadh Fómhair 2012. Rinneadh na feidhmeanna cuntasaíochta a chumasc le héifeacht ó 1 Eanáir 2013. Ón dáta seo ar aghaidh, déanfar vótaí Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman a chumasc. Tá gnéithe áirithe den chumasc tar éis dul ar aghaidh sular achtaíodh an reachtaíocht. D'aontaigh an dá eagraíocht ar mheamram tuisceana i mí na Nollag 2010 a thugann aghaidh ar ghnóthaí riaracháin chun bonn solúbtha a sholáthar don dá oifig. I measc réimsí an mheamraim tá gnóthaí pearsanra a bhaineann le foireann CCSP, gnóthaí airgeadais agus bainistiú buiséad, oiliúint agus íocaíochtaí gaolmhara agus gnóthaí ginearálta foirne.

Ar mhaithe le comparáid bhríoch a sholáthar idir toradh na bpríomhchlár idir an bhliain reatha agus an bhliain roimhe seo, cumsíodh na figiúirí toraidh d'Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí sa chuntas seo.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á reáchtáil ag Oifig an Ombudsman.

Chuathas i mbun na freagrachta seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhí ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile a bhí orm mar An tArd-Stiúrthóirl. Thairis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú ar bhealach tráthúil. Is próiseas leantach é cothabháil na rialuithe inmheánacha agus déantar athbhreithniú leantach ar an gcóras agus a éifeachtacht.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním leis seo go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- cuireadh gnáis fhoirmiúla ar bun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar na céimeanna réitithe cuí
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh
- Baintear an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), inter alia, chun riachtanais oiliúna foirne a aithint, lena n-áirítear oiliúint sa bhainistíocht airgeadais agus scileanna cuntasaíochta. Déantar an oiliúint chuí a eagrú nó a aimsiú faoi mar is cuí.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Dearbhaím leis seo go bhfuil creat gnás riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe, go bhfuil

- Córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ar a dhéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialto.
- Athbhreithniú rialta ar siúl ag an ardbhainistíocht de thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig. Feictear go bhfuil bainistíocht riosca ríthábhachtach i bpróisis straitéis agus gnó na hOifige. Déantar seo trí chláir riosca, pleananna straitéise agus gnó agus spriocanna aonair CBFF.
- Córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Tá crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta comhaimseartha i bhfeidhm ag an Oifig seo atá ar fáil don fhoireann iomlán. Tá freastalaithe, líonraí agus córais, agus áiseanna balla dóiteáin agus cúltacaithe i bhfeidhm chomh maith. Tá mé sásta go bhfuil ár gcóras ICT oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Treoirlínte rialaithe um infheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal, atá cuí, i bhfeidhm.
- Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Tá an Oifig géilliúil seachas dhá chonradh de luach iomlán €60,480 a bronnadh gan tairiscint iomaíoch a athnuachan. Tá sonraí tugtha ag an Oifig d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na cúinsí eisceachtúla a bhí i gceist sa chás seo agus tá siad i mbun tairiscintí a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo amach anseo. cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

**Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá traenáilte go cuí. Feidhmíonn an t-iniúchadh inmheánach faoi chairt a faomhadh in 2013. Tá a chuid oibre stiúrtha ag anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige seo agus tá a bpleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Tá gnáis curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar measúnú iar-iniúchta ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Déanann iniúchóir inmheánach na hOifige measúnú ar na rialuithe inmheánacha agus tá an próiseas seo tacaithe ag Coiste Iniúchóireachta a chuimsíonn triúr ball seachtrach agus a oibríonn faoi chair Choiste Iniúchóireachta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tugann an Coiste, agus iad ag forbairt a bpleananna iniúchóireachta, aghaidh chomh maith ar aon nóta tráchta féideartha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a eascródh as iniúchóireacht ar an gcuntas leithghabhála.

Tá Coiste Iniúchóireachta Oifig an Ombudsman tar éis freagracht a ghlacadh as feidhm iniúchóireachta inmheánaí Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

**Bernadette McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

6 Márta 2014

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig an Ombudsman. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Iúil 2014

# Vóta 19 Oifig an Ombudsman

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman/ Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 5,200 | 4,341 | 4,675 |
| B | An coimisiúin um chaighdeáin in oifigí poibil | 980 | 1,174 | 870 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 1,665 | 1,410 | 1,213 |
| | **Olliomlán** | **7,845** | **6,925** | **6,758** |
| | *Bain de* | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **408** | **380** | **388** |
| | **Glaniomlán** | **7,437** | **6,545** | **6,370** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 891,917 | 1,129,209 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 6,240 | 5,588 | 5,834 |
| ii | Taisteal agus cothú | 48 | 27 | 35 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 480 | 294 | 282 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 81 | 39 | 53 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhís TF seachtracha | 222 | 235 | 214 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 184 | 91 | 97 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus arthbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 146 | 108 | 86 |
| viii | Táillí dlí | 444 | 543 | 157 |
| | | 7,845 | 6,925 | 6,758 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 5,588 | 5,834 |
| Caiteachas eile | | 1,337 | 924 |
| **Olliomlán** | | **6,925** | **6,758** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasa-i-gcabhair** | | **380** | **388** |
| **Glaniomlán** | | **6,545** | **6,370** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (72) | | |
| Dímheas | 55 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 8 | | |
| | | (9) | 70 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | (4) | | |
| Laghdú ar stoc | 8 | | |
| | | 4 | (47) |
| **Caiteachas díreach** | | **6,540** | **6,393** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,635 | 1,577 |
| **Costas glan clár** | | **8,175** | **7,970** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is ionann an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas I ndáil le Vóta 19 a thabhaítear in áiteann eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 38 | 58 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 417 | 411 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,150 | 1,108 |
| | | 1,635 | 1,577 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 167 | 158 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 85 | 457 |
| Stoic | 2.4 | 18 | 26 |
| Réamhíocaíochtaí | | 95 | 95 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 18 | 18 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.6 | 130 | 40 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **346** | **636** |
| **Lúide Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 15 | 19 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 233 | 515 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **248** | **534** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 98 | 102 |
| **Glansócmhainní** | | **265** | **260** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **265** | **260** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 260 | 283 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 7,437 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (892) | | |
| Vóta glan | | | 6,545 | 6,370 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 1,635 | 1,577 |
| Costas glan clár | 1 | | (8,175) | (7,970) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **265** | **260** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 812 | 504 | 1,316 |
| Breiseanna | 72 | — | 72 |
| Diúscairtí | 282 | — | 282 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 602 | 504 | 1,106 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | 735 | 423 | 1,158 |
| Dímheas don bhliain | 39 | 16 | 55 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | 274 | — | 274 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013 | 500 | 439 | 939 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **102** | **65** | **167** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **77** | **81** | **158** |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 90 | 458 |
| Comhardaithe eile | (5) | (1) |
| | 85 | 457 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 8 | 13 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 10 | 13 |
| | 18 | 26 |

## 2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 92 | 99 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 29 | 25 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 48 | 40 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 12 | 12 |
| | 181 | 176 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 34 | 39 |
| Míreanna veile creidmheasa atá ar fionraí | 18 | 300 |
| | 233 | 515 |

| **2.6 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 892 | 1,129 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,022) | (1,169) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (130) | (40) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 85 | 457 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 18 | 18 |
| | 103 | 475 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (181) | (176) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (52) | (339) |
| | (233) | (515) |
| | | |
| | (130) | (40) |

**2.7 Tiomantais**

Bhí tiomantais ag an Oifig i ndáil le táillí dlí ag deireadh na bliana, ach is deacair luach na dtiomantas seo a mheas go beacht, de bharr míchinnteachtaí bunúsacha agus tosca nach féidir a thuar a bhaineanna go ginearálta le tuartha ar chostais dlí.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Feidhm an Ombudsman/ Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,435 | 3,840 | 4,237 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 765 | 501 | 439 |
| | | 5,200 | 4,341 | 4,676 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €859,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 595 | D'eascair na coigiltí go príomha mar gheall go raibh an leibhéal foirne le linn na bliana faoi bhun an leithdháilte údaraithe soláthair foirne in Oifig an Ombudsman. Déantar gach iarracht leis na folúntais seo a líonadh. |
| Riarachán - caiteachas eile | 264 | Baineadh amach coigiltis €64,000 de bhrí go bhfuil caiteachas ar dhlíthíocht deacair le tuar agus ní dheachaigh cás um athbhreithniú breithiúnach a bhain leis an CPSA chuig an Ard-Chúirt in 2013 agus reáchtáladh in 2014 é. Bhí an caiteachas ar chomhairle dlí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí costais a bhain le táirgeadh na tuarascála bliantúil i bhfad níos ísle ná mar a bhí in 2012. Bhí na costais taistil agus cothabhála a bhain leis na comhlachtaí breise a tháinig faoi shainchúram an Ombudsman níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 614 | 602 | 601 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 366 | 572 | 269 |
| | | 980 | 1,174 | 870 |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár B €194,000 níos airde ná mar a foráladh. Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis sin:

| Cur síos | Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | (206) | Baineann an farasbarr le suim €408,000 a tabhaíodh i ndáil le táillí dlí. Bhain an farasbarr leis an líon imscrúduithe a reáchtáladh i rith 2013; tús a chur le himeachtaí um athbhreithniú breithiúnach a bhain le himscrúdú amháin; agus cás eile a bhain le torthaí imscrúdú Coimisiúin á chur faoi bhráid na hArd-Chúirte |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 1,191 | 1,146 | 996 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | 474 | 246 | 216 |
| | | 1,665 | 1,410 | 1,212 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €255,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – caiteachas eile | 210 | Baineadh amach coigiltis de €145,000 mar nár reáchtáladh roinnt cásanna sa Chúirt Uachtarach agus san Ard-Chúirt in 2013 a rabhthas ag súil leo a bhain le hachomhairc ar chinntí an Choimisinéara Faisnéise agus an Choimisinéara um Faisnéis Chomhshaoil agus tá sé dóchúil go reáchtálfar in 2014 iad. Baineadh coigiltis amach chomh maith mar thoradh ar chostais chothabhála agus táillí comhairleoireachta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 5 | 16 | 5 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 403 | 364 | 383 |
| | **Iomlán** | 408 | 380 | 388 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh. Thairis sin, níor chomhlíon aon táirgeacht sa Vóta seo na critéir sa bhliain 2013.

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Aistríodh méid de €11,530 chuig an Státchiste le linn na bliana. B'ionann an méid seo agus íocaíocht maidir le déaduchtú deonach tuarastail.

Fuarthas aisíoc de €1,464 ó Oifig na nOibreacha Poiblí i mhí na Nollag 2013 agus aistríodh sin go dti an Státchiste i 2014.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 91 | 92 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,290 | 5,554 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 23 | 20 |
| Ragobair | 33 | 20 |
| ÁSPC an Fhostóra | 242 | 240 |
| **Pá iomlán** | **5,588** | **5,834** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2013 | Uasíocaíocht aonair 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 6 | 1 | 10,052 | 10,829 |
| Ragobair agus tinrimh bhreise | 27 | — | 6,692 | 10,178 |

## 6 Costais Dlí

Seo a leanas na catagóirí de chostais dlí a íocadh i rith na bliana:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlí | 543 | 157 |
| Cúiteamh | — | — |
| **Íocaíocht Iomlán** | **543** | **157** |

Eascraíonn na táillí dlí go príomha as achomhairc leis na Cúirteanna maidir le cinntí Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Faisnéis Chomhshaoil. Tabhaíodh caiteachas suntasach chomh maith in 2013 i ndáil le táillí dlí a thabhaigh Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le himeachtaí um athbhreithniú breithiúnach i ndáil le himscrúdú amháin agus cás eile a bhain le himscrúdú an Choimisiúin á chur faoi bhráid na hArd-Chúirte.